# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

15 Iúil 2021

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

TREORACHA


★ **Treoir (AE) 2021/1159 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le díolúintí ar allmhairithe agus ar sholáthairtí áirithe, mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19** ........ 1


II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1160 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an mbosca salán agus leis an mbosca leathóg sa Mhuir Thuaidh** ........ 4


GA

* Faoin tagairt L 250 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# TREORACHA

## TREOIR (AE) 2021/1159 ÓN gCOMHAIRLE

### an 13 Iúil 2021

### lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le díolúintí ar allmhairithe agus ar sholáthairtí áirithe, mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis di an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([2]),

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle ([3]), tá díolmhú ó cháin bhreisluacha (CBL) le tabhairt ag na Ballstáit ar an allmhairiú earraí ag an Aontas Eorpach, ag an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, ag an mBanc Ceannais Eorpach nó ag an mBanc Eorpach Infheistíochta nó ag na comhlachtaí arna mbunú ag an Aontas Eorpach agus a bhfuil feidhm ag an bPrótacal (Uimh. 7) ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("an Prótacal"), maidir leo, laistigh de theorainneacha an Phrótacail agus de réir choinníollacha an Phrótacail agus na gcomhaontuithe chun é a chur chun feidhme nó de réir na gcomhaontuithe ceanncheathrún, a mhéid nach dtiocfaidh saobhadh ar an iomaíocht mar gheall air, agus tá díolmhú ó cháin bhreisluacha le tabhairt ag na Ballstáit ar an soláthar earraí nó seirbhísí do na hinstitiúidí nó na comhlachtaí sin. Tá an díolúine sin teoranta go docht do cheannacháin arna ndéanamh lena n-úsáid oifigiúil, áfach, agus níl feidhm aici maidir le cásanna ina gceannaíonn comhlachtaí an Aontais earraí agus seirbhísí mar fhreagairt ar an éigeandáil dar siocair paindéim COVID-19, go háirithe i gcás ina bhfuil siad le cur ar fáil in aisce do na Ballstáit nó do thríú páirtithe amhail údaráis náisiúnta nó institiúidí náisiúnta.

(2) Dá bhrí sin, toisc go bhfuil géarghá fós ann le bearta a ghlacadh d'fhonn ullmhacht chun gníomhú a chruthú agus aghaidh á tabhairt ar an ngéarchéim shláintíoch leanúnach, ní mór a áirithiú go mbeidh díolúine CBL ann maidir le hearraí agus seirbhísí a bheith á gceannach ag an gCoimisiún nó ag gníomhaireacht nó comhlacht arna mbunú faoi dhlí an Aontais i bhfeidhmiú a gcúraimí, mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. D'áiritheofaí leis sin nach gcuirfí isteach ar bhearta arna ndéanamh faoi thionscnaimh éagsúla an Aontais sa chás sin ag méideanna CBL nach féidir le hinstitiúidí an Aontais a aisghabháil, ná ag an ualach comhlíonta a eascraíonn as oibleagáidí chun clárú le haghaidh CBL.

---

([1]) Tuairim an 18 Bealtaine 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Tuairim an 27 Aibreán 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([3]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

(3) Ní leor Treoir (AE) 2020/2020 ón gComhairle ([4]) chun an cuspóir a bhaint amach maidir leis an gcomhrac i gcoinne phaindéim COVID-19 a fheabhsú, ós rud é nach gceadaítear, ar feadh tréimhse theoranta ama, do na Ballstáit ach rátaí laghdaithe a chur i bhfeidhm ar sholáthar feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* COVID-19 agus seirbhísí a bhfuil dlúthbhaint acu le feistí den sórt sin nó le deonú díolúine maille le hin-asbhainteacht CBL a íocadh ag an gcéim roimhe sin i ndáil le soláthar vacsaíní COVID-19 agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*, agus le seirbhísí a bhfuil dlúthbhaint acu leis na vacsaíní agus na feistí leighis sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2006/112/CE a leasú dá réir.

(5) I bhfianaise phaindéim reatha COVID-19, tá na bearta a d'fhéadfaí a chumhdach faoin díolúine nua chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí phaindéim COVID-19 á ndéanamh cheana féin, mar shampla faoin Ionstraim Tacaíochta Éigeandála a bunaíodh le Rialachán (AE) 2020/521 ón gComhairle ([5]). Dá n-íocfaí CBL ar idirbhearta a bhaineann leis na bearta sin, chaillfí acmhainní luachmhara, rud a d'fhágfadh go gcuirfí níos lú earraí agus seirbhísí ar fáil do na Ballstáit le hais an mhéid cánach a bheadh le híoc. Chun an leas is fearr a bhaint as buiséad an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí tromchúiseacha phaindéim COVID-19, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ón 1 Eanáir 2021, dá bhrí sin, ag na díolúintí a thugtar isteach leis an Treoir seo. Tá cur i bhfeidhm cúlghabhálach den sórt sin fíor-riachtanach chun nach mbainfear a n-éifeacht de na bearta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí phaindéim COVID-19. Aon choigeartú is gá i ndáil le hidirbhearta a ngearrtar cáin orthu i dtosach, d'fhéadfaí é a dhéanamh trí úsáid a bhaint as sásraí ceartúcháin atá i bhfeidhm cheana féin, mar shampla trí thuairisceán CBL ina dhiaidh sin.

(6) I bhfianaise na práinne atá leis an staid a bhaineann le paindéim COVID-19, ba cheart an Treoir seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2006/112/CE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 143 mar a leanas:

(a) i mír (1), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"(fb) allmhairiú earraí ag an gCoimisiún nó ag gníomhaireacht nó comhlacht arna bhunú faoi dhlí an Aontais i gcás ina n-allmhairíonn an Coimisiún nó gníomhaireacht nó comhlacht den sórt sin na hearraí sin i bhfeidhmiú cúraimí a thugtar dó le dlí an Aontais chun freagairt do phaindéim COVID-19, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear na hearraí arna n-allmhairiú, láithreach nó ar dháta is déanaí ná sin, chun críoch soláthairtí ar aghaidh arna mbreithniú ag an gCoimisiún nó ag gníomhaireacht nó comhlacht den sórt sin;";

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"3. Nuair a scoirfidh na coinníollacha don díolúine a leagtar síos i mír 1, pointe (fb), d'fheidhm a bheith acu, cuirfidh an Coimisiún nó an ghníomhaireacht nó an comhlacht lena mbaineann, an Ballstát inar cuireadh an díolúine i bhfeidhm ar an eolas, agus beidh allmhairiú na n-earraí sin faoi réir CBL faoi na coinníollacha is infheidhme ag an am.";

(2) leasaítear Airteagal 151 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"(ab) soláthar earraí nó seirbhísí ag an gCoimisiún nó ag gníomhaireacht nó comhlacht arna bhunú faoi dhlí an Aontais i gcás ina gceannaíonn an Coimisiún nó gníomhaireacht nó comhlacht den sórt sin na hearraí nó na seirbhísí sin i bhfeidhmiú cúraimí a thugtar dó le dlí an Aontais mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear na hearraí agus seirbhísí a cheannaítear, láithreach nó ar dháta is déanaí ná sin, chun críoch soláthairtí ar aghaidh arna mbreithniú ag an gCoimisiún nó ag gníomhaireacht nó comhlacht den sórt sin;";

([4]) Treoir (AE) 2020/2020 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta sealadacha i ndáil le cáin bhreisluacha is infheidhme i leith soláthar vacsaíní COVID-19 agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 (IO L 419, 11.12.2020, lch. 1).

([5]) Rialachán (AE) 2020/521 ón gComhairle an 14 Aibreán 2020 lena ngníomhachtaítear an tacaíocht éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369, agus lena leasaítear na forálacha lena mbaineann agus ráig COVID-19 á cur san áireamh (IO L 117, 15.4.2020, lch. 3).

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Go dtí go nglacfar rialacha comhchoiteanna cánach, beidh na díolúintí dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, seachas an díolúine dá dtagraítear i bpointe (ab), faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos ag an mBallstát óstach.";

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"3. Nuair a scoirfidh na coinníollacha don díolúine a leagtar síos i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (ab), d'fheidhm a bheith acu, cuirfidh an Coimisiún nó an ghníomhaireacht nó an comhlacht ábhartha a fuair an díolúine i leith soláthair an Ballstát inar cuireadh an díolúine i bhfeidhm ar an eolas, agus beidh soláthar na n-earraí agus na seirbhísí sin faoi réir CBL faoi na coinníollacha is infheidhme ag an am.".

*Airteagal 2*

**Trasuí**

Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialacháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Nollaig 2021. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Cuirfidh siad na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 1 i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021 amach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm ar dháta a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 ón 1 Eanáir 2021.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh sa Bhruiséil, 13 Iúil 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. ŠIRCELJ

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1160 ÓN gCOIMISIÚN

**an 12 Bealtaine 2021**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an mbosca salán agus leis an mbosca leathóg sa Mhuir Thuaidh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialachán (AE) 2019/1241 déantar foráil maidir le bearta teicniúla le haghaidh na Mara Thuaidh a bhunú.

(2) Tá leas díreach bainistíochta maidir le hiascaigh sa Mhuir Thuaidh ag an mBeilg, ag an Danmhairg, ag an nGearmáin, ag an bhFrainc, ag an Ísiltír agus ag an tSualainn (Grúpa Scheveningen). An 15 agus an 19 Deireadh Fómhair 2020 chuir na Ballstáit sin dhá mholadh chomhpháirteacha isteach i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2019/1241, lena moltar modhnuithe áirithe ar na forálacha atá ann faoi láthair maidir leis an mbosca leathóg agus an bosca salán sa Mhuir Thuaidh a leagtar amach in Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 2019/1241 trí bhíthin gníomh tarmligthe ón gCoimisiún. Chuir siad leagan nuashonraithe den mholadh comhpháirteach isteach maidir leis an mbosca salán an 2 Feabhra 2021. Sheol na Ballstáit sin an dá mholadh chomhpháirteacha chuig na comhairlí comhairleacha ábhartha le haghaidh comhairliúcháin.

(3) Ós rud é go moltar athruithe ar Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 2019/1241, sa dá mholadh chomhpháirteacha, leis an Rialachán tarmligthe seo, déantar foráil maidir leis na bearta a mhol na Ballstáit a mhéid a bhaineann leis an mbosca salán agus an bosca leathóg araon.

(4) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) measúnú ar an bhfianaise a chuir na Ballstáit ar fáil lena dtacaítear leis na forálacha a chumhdaítear sa dá mholadh chomhpháirteacha ([3]). Rinneadh meastóireacht ar na bearta atá beartaithe i gcomhréir leis na prionsabail a bhunaítear le hAirteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2019/1241.

(5) Sa mholadh comhpháirteach a chuir na Ballstáit isteach maidir leis an mbosca leathóg, moladh díolúine shonrach a thabhairt isteach le haghaidh soithí ar mó ná 221 kW a gcumhacht innill agus a úsáideann saighní Danmhargacha, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na rialacha maidir leis na mogallmhéideanna a leagtar amach i bpointe 1.1 de Chuid B d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241. Rinne STECF anailís ar an bhfianaise a thíolaic na Ballstáit agus tháinig sé ar an gconclúid, i bhfianaise líon teoranta na soithí lena mbaineann agus an tionchair theoranta atá ag an saighean Dhanmhargach ar an ngrinneall, ní mheastar go mbeadh éifeacht shuntasach ag tabhairt isteach na díolúine le haghaidh saighní Danmhargacha ar an leibhéal cosanta laistigh den limistéar. Ba cheart, dá bhrí sin, an beart atá beartaithe a áireamh sa Rialachán seo.

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 105.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

([3]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2786172/STECF+PLEN+20-03.pdf, leathanaigh 93-105 (bosca salán) agus leathanaigh 106-113 (bosca leathóg).

(6) Sa mholadh comhpháirteach maidir leis an mbosca leathóg, moladh freisin an téarma "tráil dobharchú íochtair" a chur in ionad an téarma "tráil ghrinnill" i bpointe 2.2(c) de chuid C d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241. Rinne STECF anailís ar an bhfianaise a thíolaic na Ballstáit agus tháinig sé ar an gconclúid gur dócha, leis an athrú atá beartaithe, go mbainfí aon débhríocht as an Rialachán agus go dtabharfaí leibhéil níos airde cosanta nó leibhéil chosanta atá coibhéiseach ar a laghad lena leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1241 faoi láthair. Ba cheart, dá bhrí sin, an beart atá beartaithe a áireamh sa Rialachán seo.

(7) Sa mholadh comhpháirteach maidir leis an mbosca leathóg, moladh freisin fad iomlán na soithí nach mó ná 24 mhéadar i leith na dtrálaer bíoma atá le háireamh i liosta na soithí a leagtar amach i bpointe 2.4 de chuid C d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin. Rinne STECF anailís ar an bhfianaise a thíolaic na Ballstáit agus tháinig sé ar an gconclúid go n-áireofaí leis an srian sin leibhéil chosanta atá coibhéiseach ar a laghad lena leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1241 faoi láthair. Ba cheart, dá bhrí sin, an beart atá beartaithe a áireamh sa Rialachán seo.

(8) Leis an moladh comhpháirteach a chuir na Ballstáit isteach maidir leis an mbosca salán, moladh leanúint den chleachtas, ar feadh tréimhse 3 bliana, an bosca scadán a chur i leataobh le haghaidh soithí a úsáideann trealaimh áirithe ón 1 Iúil go dtí an 31 Deireadh Fómhair, dá bhforáiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1395/2014 ón gCoimisiún ([4]) le haghaidh na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2020. Rinne STECF anailís ar an bhfianaise a thíolaic na Ballstáit maidir leis an mbosca salán agus tháinig sé ar an gconclúid nach léirítear go soiléir go ndearnadh aon dochar do stoc na scadán le cur i leataobh an bhosca salán ó bhí 2017 ann. Ina theannta sin, tháinig STECF ar an gconclúid nach dócha go mbeadh leibhéil níos ísle cosanta ann ná mar atá ann faoi láthair de bharr an bhosca salán a chur i leataobh. Thug STECF faoi deara, áfach, go bhfuil gá le blianta breise d'fhaireachán iascaigh chun a chruthú go gcoinneofaí leibhéil choibhéiseacha chosanta ar bun. Dá bhrí sin, mhol STECF athmheasúnú a dhéanamh ar thionchar an chur i leataobh tar éis faireachán a dhéanamh ar feadh 3 bliana. Thug na Ballstáit gealltanas maidir le faireachán a dhéanamh ar thionchar chur i leataobh an bhosca salán le linn na tréimhse sin trí na sonraí a bhailiú a leagtar amach ina moladh comhpháirteach a mhéid a bhaineann le foghabhálacha scadáin san iascaigh le haghaidh salán. Cuirfear na sonraí sin isteach lena measúnú ag STECF. Ba cheart, dá bhrí sin, an beart atá beartaithe a áireamh sa Rialachán seo.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2019/1241 a leasú dá réir.

(10) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta maidir le soithí an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

---

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1395/2014 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2014 lena mbunaítear plean maidir le haschuir i dtaca le hiascaigh bheaga pheiligeacha áirithe agus iascaigh a oibrítear chun críoch tionsclaíoch sa Mhuir Thuaidh (IO L 370, 30.12.2014, lch. 35).

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Cuid C d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 mar a leanas:

(1) leasaítear pointe 2.2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) soithí ar mó ná 221 kW a gcumhacht innill, ceadófar dóibh tráil dobharchú íochtair a úsáid, agus soithí péireáilte ar mó a gcumhacht innill in éineacht ná 221 kW, ceadófar dóibh tráil ghrinnill dhá bhád a úsáid ar choinníoll nach ndéanann siad iascaireacht dhírithe leathóg agus sól agus go gcomhlíonfaidh siad na rialacha ábhartha maidir le mogallmhéid atá i gCuid B den Iarscríbhinn seo;";

(b) cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

"(d) soithí ar mó ná 221 kW a gcumhacht innill, ceadófar dóibh saighní Danmhargacha a úsáid ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad na rialacha maidir le mogallmhéid dá bhforáiltear i bpointe 1.1 de Chuid B den Iarscríbhinn seo.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.4:

"2.4. Soithí dá gceadaítear iascach sa limistéar dá dtagraítear i bpointe 2.1, áireofar ar liosta iad atá le soláthar ag gach Ballstát don Choimisiún. Ní sháróidh cumhacht innill iomlán na soithí dá dtagraítear i bpointe 2.2(a) ar an liosta an chumhacht innill iomlán a bhí á fianú i gcás gach Ballstát an 1 Eanáir 1998. Beidh údarú iascaireachta ag na soithí ceadaithe iascaireachta, arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Ón 1 Iúil 2021, ní fhéadfar ach trálaeir bhíoma nach mó ná 24 mhéadar a bhfad iomlán a chur leis an liosta sin.";

(3) cuirtear na míreanna seo a leanas le pointe 4:

"De mhaolú ar an tríú fleasc den chéad mhír, ní bheidh feidhm ag an bhfleasc sin go dtí an 31 Nollaig 2023 maidir le hiascaireacht leis an trealamh seo a leanas:

(a) trealamh iascaireachta tarraingthe ar lú ná 32 mm a mhogallmhéid;

(b) peaslíonta saighne; nó

(c) eangacha geolbhaigh, líonta fostúcháin, traimlí agus sruthlíonta ar lú ná 30 mm a mogallmhéid.

Na Ballstáit sin a bhfuil leas díreach bainistíochta acu, cuirfidh siad sonraí faireacháin lena dtacaítear leis an maolú faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Nollaig 2023.".

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA